CINNEADH (AE) 2021/1743 ÓN gCOMHAIRLE

an 28 Meán Fómhair 2021

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair a mhéid a bhaineann le Coiste Teicniúil um Iompar Uisce-iompartha agus Ilmhódúlacht a bhunú

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91 agus Airteagal 100(2), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinne an tAontas an Conradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair ("TCT") a thabhairt i gcrích de bhun Chinneadh (AE) 2019/392 ón gComhairle ([1]) agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2019.

(2) Bunaíodh an Coiste Stiúrtha Réigiúnach le TCT chun TCT a riar agus a chur chun feidhme mar is cuí. De bhun Airteagal 26 de TCT, tá an Coiste Stiúrtha Réigiúnach le cinntí a ghlacadh chun coistí teicniúla a bhunú.

(3) Is féidir le coistí teicniúla tograí a dhéanamh ina réimse freagrachta don Choiste Stiúrtha Réigiúnach le haghaidh cinnidh. Tá na coistí teicniúla comhdhéanta d'Ionadaithe na bPáirtithe Conarthacha in TCT. Is féidir le Ballstáit uile an Aontais a bheith rannpháirteach mar bhreathnóir.

(4) Tá an Coiste Stiúrtha Réigiúnach le cinneadh a ghlacadh go luath maidir le Coiste Teicniúil um Iompar Uisce-iompartha agus Ilmhódúlacht a bhunú.

(5) Trí Choiste Teicniúil um Iompar Uisce-iompartha agus Ilmhódúlacht a bhunú, cabhrófar le haidhm TCT a bhaint amach, eadhon Comhphobal Iompair a chruthú i réimse an iompair de bhóthar, d'iarnród, d'uiscebhealaí intíre agus de mhuir, chomh maith le gréasán iompair a fhorbairt idir an tAontas agus Páirtithe Oirdheisceart na hEorpa.

(6) Ba cheart go mbeadh sé d'aidhm ag Coiste Teicniúil um Iompar Uisce-iompartha agus Ilmhódúlacht aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna ríthábhachtacha a bhaineann le hiompar uisce-iompartha, lena gcuimsítear gnóthaí muirí, uiscebhealaí intíre agus calafoirt, chomh maith le dul i ngleic leis na gnéithe ilmhódúlachta d'iompair den sórt sin, agus maidir le leas éifeachtach a bhaint as iompair den sórt sin a chur chun cinn.

(7) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Stiúrtha Réigiúnach a bhunú, a mhéid a bhaineann le Coiste Teicniúil um Iompar Uisce-iompartha agus Ilmhódúlacht a bhunú, ós rud é go bhfuil an cinneadh sin riachtanach le haghaidh TCT a chur chun feidhme agus ós rud é go mbeidh sé ina gceangal ar an Aontas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste Stiúrtha Réigiúnach arna bhunú ag an gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Iompair, maidir le Coiste Teicniúil um Iompar Uisce-iompartha agus Ilmhódúlacht a bhunú, beidh sé bunaithe ar an dréachtchinneadh ón gCoiste Stiúrtha Réigiúnach ([2]).

Féadfaidh ionadaithe an Aontais sa Choiste Stiúrtha Réigiúnach toiliú le mionathruithe ar an dréachtchinneadh sin gan cinneadh eile ón gComhairle.

([1]) Cinneadh (AE) 2019/392 ón gComhairle an 4 Márta 2019 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chonartha lena mbunaítear an Comhphobal Iompair (IO L 71, 13.3.2019, lch. 1).

([2]) Féach doiciméad ST 11514/21 ar http://register.consilium.europa.eu.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 28 Meán Fómhair 2021.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
S. KUSTEC